

**FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN EORPACH AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó  
CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA:  
“5G A CHUR IN ÚSÁID SAN AONTAS EORPACH: MOILLEANNA I DTACA LE  
HIMSCARADH LÍONRAÍ AG A BHFUIL FADHBANNA SLÁNDÁLA ATÁ FÓS  
GAN RÉITEACH”**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN**

**Ráiteas tosaigh an Choimisiúin**

I. Príomhthosaíocht de chuid an Choimisiúin Eorpaigh is ea líonraí 5G a imscaradh ar bhealach tapa slán. Is éard atá i gceist le líonraí 5G a chosaint in aghaidh cibearbhagairtí bagairtí agus rioscaí a mheasúnú agus a mhaolú. Rinne na Ballstáit na bagairtí agus na rioscaí sin a shainaithint agus a mheasúnú i gcomhpháirt le chéile, agus tacaíocht acu ón gCoimisiún agus ENISA, agus ar an mbonn sin sainaithníodh sraith beart cuimsitheach chun na rioscaí sin a mhaolú. Cé go bhfuil obair fós ar siúl i roinnt Ballstát, tá formhór mór na mBallstát tar éis na ceanglais slándála le haghaidh líonraí 5G a threisiú, nó tá siad i mbun iad a threisiú bunaithe ar Bhosca Uirlisí an Aontais.

Aithnítear Bosca Uirlisí an Aontais mar chreat cuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí slándála 5G.

Tá an ghníomhaíocht chomhordaithe maidir le cibearshlándáil 5G ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus Bosca Uirlisí an Aontais ag teacht le creat níos leithne Eorpach chun líonraí cumarsáide leictreonaí agus bonneagar criticiúil eile a chosaint, agus comhlánaítear léi bearta atá ann cheana amhail an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, an Creat Teileachumarsáide, an Gníomh um Chibearshlándáil, agus an Treoir maidir le slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise (Treoir NIS) agus, de réir mar a bheidh, na rialacha maidir le saorghluaiseacht a leagtar síos sa Chonradh agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

III. Beidh ról lárnach ag 5G inár ngeilleagar digiteach agus inár sochaí dhigiteach sna blianta amach romhainn. Ní mór dúinn a áirithiú go mbeidh líonraí 5G slán ó thaobh na cibearshlándála de agus athléimneach i gcoinne cibearbhagairtí agus cibeartheagmhais atá ag dul i méid. Sin é an fáth a bhfuil próiseas comhordúcháin curtha ar bun ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit a bheidh dírithe ar chreat slándála cuimsitheach 5G a shainiú agus a chur chun feidhme, ar creat é a bheidh i bhfoirm bosca uirlisí de bhearta maolaithe riosca a comhaontaíodh in Eanáir 2020, chun aghaidh a thabhairt ar bhealach comhordaithe agus go héifeachtach ar na rioscaí móra do líonraí 5G, amhail haiceáil choiriúil, spaireacht agus sabaitéireacht. Cé go bhfuil obair fós ar siúl i roinnt Ballstát, tá formhór mór na mBallstát tar éis na ceanglais slándála le haghaidh líonraí 5G a threisiú, nó tá siad i mbun iad a threisiú bunaithe ar Bhosca Uirlisí an Aontais.

VII. Le Bosca Uirlisí an Aontais déantar foráil maidir le creat chun comhsheasmhacht a chur chun cinn sa mhargadh inmheánach, agus inniúlachtaí slándála náisiúnta sa réimse sin á n-urramú ag an am céanna.

Maidir le cur chuige na mBallstát i leith díoltóirí ardriosca, measann an Coimisiún nach mbeifear in ann measúnú críochnaitheach a dhéanamh ach amháin nuair a bheidh tuilleadh faisnéise ar fáil.

Fad agus atá an cur chun feidhme ar siúl, tá an Coimisiún ag obair leis na Ballstáit sa Ghrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise chun an ailíniú agus cóineasú a chur chun cinn i measc cineálacha cur chuige náisiúnta.

IX. An chéad fhleasc- Glacann an Coimisiún leis an moladh sin.

An dara fleasc – Glacann an Coimisiún leis an moladh.

An tríú fleasc – Glacann an Coimisiún leis an moladh.

Déanfaidh an Coimisiún an measúnú agus inniúlachtaí náisiúnta á gcur san áireamh.

### RÉAMHRÁ

04. Aithníonn an Coimisiún go bhfuil rioscaí slándála 5G ann, ach cuireann sé in iúl, áfach, gur féidir feabhsuithe slándála a chur ar fáil le teicneolaíocht agus caighdeáin líonraí 5G, i gcomparáid leis na glúine líonra a bhí ann roimhe seo.

### NÓTAÍ

30. Cé gur féidir aghaidh a thabhairt ar réimse leathan seirbhísí le 4G cheana féin, ba cheart go mbeadh céim ollmhór chun cinn i gceist le 5G agus athrú mór i gcomparáid le 4G, mar sin an príomhdhúshlán a bhaineann leis an aistriú ó 4G go 5G is ea 5G a imscaradh ar fud an Aontais ina iomláine. Bíonn an baol ann i gcónaí go mbeadh bearna dhigiteach ann ach tá sé beartaithe aghaidh a thabhairt ar an riosca sin mar thosaíocht beartais sa Chlár Beartais maidir leis an gConair i dtreo na Deacáide Digití i ndáil leis na conairí i dtreo na sprice 5G go mbeadh cumhdach 100 % sna ceantair uile a bhfuil daoine ina gcónaí iontu faoi 2030 agus ar an gcaoi sin tacú leis na Ballstáit beart a dhéanamh sa réimse sin, go háirithe maidir le rochtain i gceantair thuaithe.

32. Foinse iontaofa a bhí san Fhaireachlann 5G go dtí seo chun faireachán a dhéanamh ar imscaradh 5G san Aontas agus níos faide i gcéin, cé gur tháinig roinnt easnamh chun cinn. Tá coinne ag seirbhísí an Choimisiúin go mbeidh an fhaisnéis a sholáthróidh an Conraitheoir nua níos cothroime le dáta.

### Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 48 agus 49:

Measann an Coimisiún gurb é an rogha ionstraim (Moladh) agus an cur chuige comhoibríoch leis na Ballstáit chun rioscaí agus bearta maolaitheacha a shainaithint an modh oibre is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí slándála 5G ar bhealach tapa éifeachtach comhbheartaithe.

Roghnaigh an Coimisiún Moladh agus a bheith ag obair i gcomhar leis na Ballstáit chun rioscaí agus bearta maolaithe a shainaithint i bhfianaise chastacht agus chineál trasearnála an ábhair ar fud inniúlachtaí náisiúnta agus inniúlachtaí de chuid an Aontais agus i bhfianaise na gné suntasaí slándála náisiúnta. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún san áireamh freisin go bhfuil comhthéacsanna náisiúnta an-difriúil ag na Ballstáit (struchtúr an mhargaidh, cumais chibearshlándála, faisnéis faoi bhagairtí, etc.).

Is éard atá i mBosca Uirlisí an Aontais ionstraim rioscabhunaithe lena dtugtar aghaidh ar dhúshlán slándála, lena féidir gnéithe cibearshlándála 5G a láimhseáil ar bhealach tráthúil éifeachtúil.

Sa Teachtaireacht uaidh dar teideal *Secure 5G deployment in the EU - Implementing the EU Toolbox* [Imscaradh slán 5G san Aontas Eorpach – Bosca uirlisí an Aontais a chur chun feidhme] Eanáir 2020, d'fhógair an Coimisiún go dtabharfadh sé tacaíocht chun bearta an Bhosca Uirlisí a bhaineann le ceanglais slándála a chur chun feidhme, go háirithe maidir le forálacha ábhartha faoi rialacha Eorpacha maidir leis an gcumarsáid leictreonach, agus go ndéanfadh sé a mheas ar an mbreisluach a bhaineann le gníomhartha cur chun feidhme a d'fhéadfadh a bheith ann ina sonróaí bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla chun na rialacha náisiúnta a chomhlánú agus chun éifeachtacht agus comhsheasmhacht na mbearta slándála a fhorchuirtear ar na hoibreoírí a fheabhsú.

### Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 51 agus 52:

I gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an Moladh ón gCoimisiún a rinneadh i mí na Nollag 2020, chuir an Coimisiún údarás inniúla na mBallstát uile faoi agallamh. Cháiligh siad gníomhaíocht chomhordaithe na hEorpa maidir le cibearshlándáil 5G mar bheart tráthúil éifeachtach comhréireach. Measadh go raibh an cur chuige comhoibríoch idir údarás náisiúnta, an Coimisiún, ENISA agus páirtithe leasmhara ábhartha eile oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist chasta sin.

D'fhág sé gurbh fhéidir comhchuspóirí agus modheolaíochtaí a shainiú go tráthúil, agus go raibh na Ballstáit in ann bearta a chur in oiriúint dá n-imthosca náisiúnta.

Moltar i mBosca Uirlisí an Aontais agus sa tuarascáil ar dhul chun cinn arna foilsiú ag Grúpa Comhair NIS i mí Iúil 2020 pleananna cur chun feidhme agus/nó idirthréimhsí a shainiú le haghaidh na n-oibreoirí sin a bhfuil trealamh soláthraithe ardriosca á n-úsáid acu faoi láthair nó a bhfuil conarthaí déanta acu cheana féin le soláthraithe ardriosca sula nglacfar Bosca Uirlisí an Aontais (e.g. trí thimthriallta uasghrádaithe trealamh a chur san áireamh, go háirithe an t-aistriú ó líonraí 5G nach bhfuil neamhspleách go líonraí 5G atá neamhspleách).

55. Tugann an Coimisiún dá aire na barúlacha a thairiscigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chur i bhfeidhm chritéir an Bhosca Uirlisí maidir le measúnú a dhéanamh ar dhíoltóirí ardriosca, cuireadh iad faoi réir go leor malartuithe idir na húdaráis inniúla náisiúnta laistigh de Ghrúpa Comhair NIS, ó thángthas ar chomhaontú maidir le Bosca Uirlisí an Aontais.

56. Moltar i mBosca Uirlisí an Aontais go gcuirfí san áireamh na fachtóirí riosca a chuirtear i láthair sa mheasúnú comhordaithe ar rioscaí ag leibhéal an Aontais chomh maith le faisnéis a bhaineann go sonrach le tír faoi leith (e.g. measúnú bagartha ó na seirbhísí slándála náisiúnta, etc.) chun próifíl riosca soláthraithe a mheasúnú.

61. Tá cumas an tsoláthraí soláthar a áirithiú ar cheann de na critéir a mholtar le Bosca Uirlisí an Aontais chun próifíl riosca na soláthraithe a mheas. D'fhéadfadh smachtbhannaí trádála a d'fhéadfadh díoltóir ar leith a chur i bhfeidhm difear a dhéanamh don chumas soláthar a áirithiú freisin, mar a luaitear sa chás riosca maidir le 'Cleithiúnacht' sa mheasúnú comhordaithe ar rioscaí ag leibhéal an Aontais.

Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 70 agus 73:

Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme an Bhosca Uirlisí á roinnt ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta laistigh de Ghrúpa Comhair NIS. A mhéid a bhaineann le faisnéis neamhphoiblí a nochtadh go poiblí, is ar na Ballstáit atá an fhreagracht sin.

Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 74 go 76 agus Bosca 5:

Le Bosca Uirlisí an Aontais déantar foráil maidir le creat chun comhsheasmhacht a chur chun cinn sa mhargadh inmheánach, agus inniúlachtaí slándála náisiúnta sa réimse sin á n-urramú ag an am céanna. Maidir le cur chuige na mBallstát i leith díoltóirí ardriosca, measann an Coimisiún nach mbeifear in ann measúnú críochnaitheach a dhéanamh ach amháin nuair a bheidh tuilleadh faisnéise ar fáil.

Fad agus atá an cur chun feidhme ar siúl, tá an Coimisiún ag obair leis na Ballstáit sa Ghrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise chun an ailíniú agus cóineasú a chur chun cinn i measc cineálacha cur chuige náisiúnta.

CONCLUÍDÍ AGUS MOLTAÍ

81. I. Príomhthosaíocht de chuid an Choimisiúin is ea líonraí 5G a imscaradh ar bhealach tapa slán. Is éard atá i gceist le líonraí 5G a chosaint in aghaidh cibearbhagairtí bagairtí agus rioscaí a mheasúnú agus a mhaolú. Rinne na Ballstáit na bagairtí agus na rioscaí sin a shainaithint agus a mheasúnú i gcomhpháirt le chéile, agus tacaíocht acu ón gCoimisiún agus ENISA, agus ar an mbonn sin sainiú sraith beart cuimsitheach chun na rioscaí sin a mhaolú. Cé go bhfuil obair fós ar siúl i roinnt Ballstát, tá formhór mór na mBallstát tar éis na ceanglais slándála le haghaidh líonraí 5G a threisiú, nó tá siad i mbun iad a threisiú bunaithe ar Bhosca Uirlisí an Aontais.

Cuirtear creat cuimsitheach ar fáil le Bosca Uirlisí an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí slándála 5G.

83. Is céim ollmhór chun cinn é 5G agus athrú mór i gcomparáid le 4G, mar sin an príomhdhúshlán atá ann chun an deighilt dhigiteach a sheachaint is ea aistriú ó 4G go 5G ar fud an Aontais ina iomláine.

Cuimsítear raon iomlán táscairí feidhmíochta le sonraíochtaí 5G, go háirithe maidir le cásanna úsáide ingearaí. D'fhéadfadh ceanglais iontaofachta, luas áscaithe seirbhíse, solúbthacht i dtaca le cur chun feidhme agus leibhéil slándála, i measc nithe eile, a bheith i gceist leis seo.

### **Moladh 1 – Imscaradh cothrom tráthúil líonraí 5G laistigh den Aontas a chur chun cinn**

a) Glacann an Coimisiún leis an moladh.

Oibreoidh an Coimisiún i gcomhar leis na Ballstáit chun sainmhíniú comhchoiteann a fhorbairt maidir leis an gcáilíocht seirbhíse a mheastar a bheidh ag na líonraí 5G. I gcomhthéacs na Deacáide Digití agus an chinnidh atá beartaithe maidir le Clár 2030 um Beartas Digiteach, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún a bheith ag obair leis na Ballstáit ar chur chuige coiteann maidir le cáilíocht seirbhíse 5G san Aontas, lena n-áirítear an cur chuige maidir le hinchomparáideacht na dtomhas agus na sonraí faireacháin.

Ní thagann luas agus aga folaigh amháin i gceist le cáilíocht seirbhíse, ach clúdaítear léi raon iomlán táscairí feidhmíochta, a bhaineann le cásanna úsáide ingearaí go háirithe.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún oibriú i gcomhar leis na Ballstáit chun na tomhais sin a shainiú chomh maith le seicphointí bliantúla a chur i bhfeidhm agus beartais, bearta agus gníomhaíochtaí a mholadh chun cumhdach iomlán 5G a bhaint amach faoi 2030.

Leis an gClár um Beartas Digiteach, bunófar rialachas láidir trí shásra faireacháin agus comhair chun a áirithiú go ndéanfar dul chun cinn maidir le cuspóirí an Chláir Beartais a chomhlíonadh, lena n-áirítear imscaradh 5G, agus déanfar moladh maidir le gníomhaíocht feabhais na mBallstát ina leith sin.

b) Glacann an Coimisiún leis an moladh.

c) Glacann an Coimisiún leis an moladh.

### **Moladh 2 – Cur chuige comhbheartaithe a chothú i measc na mBallstát maidir le slándáil 5G**

a) Glacann an Coimisiún leis an moladh.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú, in éineacht leis na Ballstáit, ar an ngá atá le gníomhaíocht bhreise nó le tacaíocht bhreise, mar shampla i bhfoirm treoraíocht a bhaineann le gnéithe áirithe de Bhosca Uirlisí an Aontais.

b) Glacann an Coimisiún leis an moladh.

Is é an Coimisiún a dhéanfaidh an faireachán agus an tuairisciú, i gcomhar iomlán leis na Ballstáit agus le ENISA.

c) Glacann an Coimisiún leis an moladh.

### **Moladh 3 – Faireachán a dhéanamh ar chur chuige na mBallstát maidir le slándáil 5G agus measúnú a dhéanamh ar thionchar éagsúlachtaí ar fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh aonair**

a) Glacann an Coimisiún leis an moladh.

b) Glacann an Coimisiún leis an moladh.

Déanfaidh an Coimisiún an measúnú agus inniúlachtaí náisiúnta á gcur san áireamh.

Faoi Bhosca Uirlisí an Aontais, is faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le raon feidhme beacht na srianta iomchuí agus/nó na n-eisiamh is gá i gcás príomhshócmhainní a shainítear mar shócmhainní criticiúla agus íogaire sa mheasúnú comhordaithe ar rioscaí ag leibhéal an Aontais (e.g. croífheidhmeanna líonra, feidhmeanna bainistíochta líonra agus eagrúcháin agus feidhmeanna rochtana líonra), chun rioscaí sainaitheanta a mhaolú go héifeachtach, agus an measúnú ar bhagairtí ó sheirbhísí faisnéise náisiúnta á chur san áireamh freisin. Tá sé de cheart ag na Ballstáit bearta a dhéanamh a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta, agus áirítear leis sin go bhféadfaidís srianta nó eisiamh a chur i bhfeidhm maidir le díoltóirí ardriosca.